Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11143/25**

**VISA 101**
**FRONT 163**
**MIGR 239**
**IXIM 150**
**SIRIS 6**
**COMIX 206**
***CH***
***IS***
***LI***
***NO***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 346 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le staid na himeartha i ndáil leis na hullmhúcháin i gcomhair chur chun feidhme iomlán Rialachán VIS i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2021/1134 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 346 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 346 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.7.2025
COM(2025) 346 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le staid na himeartha i ndáil leis na hullmhúcháin i gcomhair chur chun feidhme iomlán Rialachán VIS i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2021/1134**

## Achoimre feidhmiúcháin

Le hAirteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2021/1134[1], lena leasaítear, *inter alia*, Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Bhallstáit (Rialachán VIS)[2], ceanglaítear ar an gCoimisiún **tuarascáil** bhliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil le hullmhúcháin do chur chun feidhme iomlán an Rialacháin. Is é seo an **tríú tuarascáil** ón g**Coimisiún**.

Is é cur chun feidhme na hailtireachta TF nua i réimse na himirce, na dteorainneacha agus na slándála an bhunchloch chun ceann de na córais bainistithe teorainneacha is nua-aimseartha ar domhan a bhunú. Tá an Córas Faisnéise Víosaí (VIS) ina dhlúthchuid den ailtireacht seo. Chun cur chun feidhme iomlán prapúil a bhaint amach, ba cheart do Bhallstáit an Aontais, do thíortha comhlachaithe Schengen, do ghníomhaireachtaí an Aontais agus don Choimisiún dul chun cinn a dhéanamh le chéile. Tá sé tábhachtach go nglacfaidh gach páirtí freagracht as a áirithiú gur féidir leis an gcóras a bheith ag feidhmiú ag an am céanna, agus ar an gcaoi sin, seachnófar moilleanna breise agus costais mhéadaitheacha.

Ar an iomlán, tá cur chun feidhme VIS athbhreithnithe ar an mbóthar ceart. Tar éis ghlacadh an Rialacháin leasaithigh an 7 Iúil 2021, thosaigh an Coimisiún plé láithreach sa choiste ábhartha agus sa ghrúpa saineolaithe ar shraith **gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe** is gá chun feidhmiúlachtaí nua VIS athbhreithnithe a fhorbairt. Leanadh den obair in 2024, leis an 12 ghníomh cur chun feidhme agus tharmligthe ag céimeanna éagsúla den nós imeachta glactha faoi láthair. Glacadh seacht ngníomh, agus tá cúig cinn á n-ullmhú ag an gCoimisiún.

[1]Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, chun críche an Córas Faisnéise Víosaí a athchóiriú (IO L 248, 13.7.2021, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1134/2021-07-13).

[2]Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Bhallstáit (Rialachán VIS) (IO L 218, 13.8.2008, lch. 60, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/767/2023-12-27).

## 1. Réamhrá

Is le Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle[3] a bunaíodh VIS chun go bhféadfaí sonraí víosaí a mhalartú idir na Ballstáit. Le Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Rialachán VIS)[4], leagadh síos an méid seo a leanas:

- cuspóir agus feidhmiúlachtaí VIS agus na freagrachtaí a bhaineann leis.
- na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le malartú sonraí ar víosaí gearrfhanachta idir Ballstáit chun scrúdú ar iarratais ar víosaí gearrfhanachta agus na cinntí a bhaineann leo a éascú.

Cuireadh tús le hoibríochtaí VIS an 11 Deireadh Fómhair 2011 agus is de réir a chéile a rolladh amach é i gconsalachtaí na mBallstát uile idir mí Dheireadh Fómhair 2011 agus mí Feabhra 2016.

Is é an cuspóir atá ag VIS feabhas a chur ar chur chun feidhme an chomhbheartais víosaí, ar chomhar na gconsal agus ar an gcomhairliúchán idir údaráis víosaí lárnacha tríd an malartú sonraí idir na Ballstáit maidir le hiarratais agus na cinntí lena mbaineann a éascú. Tá sé d'aidhm ag VIS, *inter alia*, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an nós imeachta um iarratas a dhéanamh ar víosa a éascú.
- an tsiopadóireacht víosa a chosc.
- an comhrac i gcoinne na calaoise céannachta a éascú.
- cuidiú chun aon duine a shainaithint nach bhfuil na coinníollacha maidir le dul isteach, fanacht nó cónaí ar chríoch na mBallstát á gcomhlíonadh aige nó nach bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh a thuilleadh aige;
- an cinneadh i dtaobh an Bhallstáit atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta faoi Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a éascú[5].

An 2 Lúnasa 2021, tháinig Rialachán (AE) 2021/1134 (Rialachán athbhreithnithe VIS) i bhfeidhm, lena leasaítear, *inter alia* , Rialachán VIS. Leis an gCóras Faisnéise Víosaí athbhreithnithe, cuirfear faisnéis thábhachtach ar fáil d'údaráis eisiúna víosaí faoi iarratasóirí ar víosaí gearrfhanachta Schengen agus, an tráth céanna, ceadaítear do ghardaí teorann taistealaithe a bhféadfadh riosca slándála a bheith ag baint leo a bhrath. Leis na rialacha nua, leathnaítear raon feidhme VIS freisin – go háirithe trí iarratasóirí agus sealbhóirí víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe a chur leis – agus lánurraim á tabhairt do na ceanglais maidir le cosaint sonraí. Áiritheofar leis an méid sin go mbeidh an fhaisnéis atá de dhíth ar na húdaráis ábhartha acu, nuair is gá sin. Leis na rialacha, cumasófar seiceálacha cúlra níos críochnúla a dhéanamh ar iarratasóirí ar víosaí gearrfhanachta, víosaí fadfhanachta agus

---

[3]Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle an 8 Meitheamh 2004 lena mbunaítear an Córas Faisnéise Víosaí (VIS) (IO L 213, 15.6.2004, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2004/512/2019-06-11).

[4] Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Bhallstáit (Rialachán VIS) (IO L 218, 13.8.2008, lch. 60, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/767/2023-12-27)).

[5] Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (IO L 180, 29.6.2013, lch. 31, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/604/oj).

ceadanna cónaithe, malartú faisnéise ar bhealach níos fearr idir na Ballstáit maidir le sealbhóirí doiciméad den sórt sin, agus idir-inoibritheacht iomlán le córais faisnéise AE eile.

De bhun Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2021/1134, tá an Coimisiún le cinneadh a ghlacadh maidir le dáta thús oibríochtaí VIS athbhreithnithe a shocrú. Leagtar amach san Airteagal sin freisin na coinníollacha nach mór a chomhlíonadh chun an cinneadh sin a ghlacadh. Is iad sin:

- gur glacadh na gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe is gá dá dtagraítear sa tuarascáil seo.
- go bhfuil fógra tugtha ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) don Choimisiún gur cuireadh na gníomhaíochtaí tástála uile i gcrích go rathúil; agus
- go bhfuil fógra tugtha ag na Ballstáit don Choimisiún go bhfuil na socruithe teicniúla agus dlíthiúla is gá déanta acu.

Beidh VIS mar chuid den chreat coiteann idir-inoibritheachta arna bhunú le Rialacháin (AE) 2019/817[6] agus (AE) 2019/818[7] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Bunaíodh an creat idir-inoibritheachta idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh[8] ionas go bhféadfadh na córais sin agus a gcuid sonraí forlíonadh a dhéanamh ar a chéile leis an gcuspóir foriomlán éifeachtacht agus éifeachtúlacht seiceálacha ag na teorainneacha seachtracha a fheabhsú, Rannchuideoidh an méid sin le hinimirce neamhrialta a chosc agus a chomhrac agus rannchuideoidh sé le hardleibhéal slándála agus feabhas a chur ar chur chun feidhme an chomhbheartais víosaí. Chuige sin, ba cheart forbairt theicniúil ghnéithe agus phróisis nua VIS a bheith ag teacht go hiomlán le gnéithe agus próisis na gcóras faisnéise AE eile atá mar chuid den chreat.

Ceanglaítear le hAirteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2021/1134 ar an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid na Parlaiminte agus na Comhairle maidir le staid na himeartha i ndáil leis na hullmhúcháin i gcomhair chur chun feidhme iomlán an Rialacháin. Beidh feidhm aige sin go dtí go nglacfaidh an Coimisiún an cinneadh lena socrófar an dáta le haghaidh thús oibríochtaí VIS i gcomhréir le hAirteagal 11(1) den Rialachán sin. Tá faisnéis mhionsonraithe le bheith sa tuarascáil faoi na costais a tabhaíodh agus faoi aon riosca a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar na costais fhoriomlána.

[6] Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse na dteorainneacha agus na víosaí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Rialachán (AE) 2016/399, Rialachán (AE) 2017/2226, Rialachán (AE) 2018/1240, Rialachán (AE) 2018/1726 agus Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2004/512/CE agus Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle (IO L 135, 22.5.2019, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/817/2025-01-28).

[7] Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 85, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/818/2025-01-28).

[8] An Córas Dul Isteach/Imeachta (EES), an Córas Faisnéise Víosaí (VIS), an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS), Eurodac, Córas Faisnéise Schengen (SIS) agus an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla le haghaidh Náisiúnaigh Tríú Tír (ECRIS-TCN)

Glacadh an chéad tuarascáil ón gCoimisiún maidir le staid na himeartha i ndáil leis na hullmhúcháin i gcomhair chur chun feidhme iomlán Rialachán VIS an 9 Feabhra 2023[9], agus an dara tuarascáil ina dhiaidh sin an 18 Eanáir 2024[10]. Ós rud é go gcumhdaítear leis an dara tuarascáil an tréimhse suas go dtí a hullmhú i mí na Samhna 2023, cumhdaítear leis an tríú tuarascáil seo an tréimhse ó mhí na Nollag 2023 go dtí a hullmhú i mí na Samhna 2024.

## 2. Reachtaíocht cur chun feidhme Rialachán VIS

Le Rialachán (AE) 2021/1134, tugtar roinnt cumhachtuithe don Choimisiún chun gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe a ghlacadh, a bhfuil gá le cuid acu chun a chur ar chumas eu-LISA tús a chur le dearadh agus forbairt na bhfeidhmiúlachtaí nua i gcomhthéacs ailtireacht fhoriomlán an chórais TF, go háirithe ós rud é gur gá sonraíochtaí teicniúla a shainiú chuige sin. Tá gá le gníomhartha eile chun rialacha teicniúla a leagan síos chun an úsáid a bhaineann údaráis ábhartha na mBallstát agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais as VIS a éascú.

Ó glacadh Rialachán (AE) 2021/1134 in 2021, d'eagraigh an Coimisiún 22 chruinniú Coiste agus 12 Ghrúpa Saineolaithe maidir le VIS athbhreithnithe chun plé a dhéanamh ar shraith dréachtghníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe is gá chun é a fhorbairt.

Tá an 12 ghníomh cur chun feidhme agus tarmligthe ag céimeanna éagsúla den nós imeachta glactha. Tá sé ghníomh cur chun feidhme agus gníomh tarmligthe amháin glactha go foirmiúil cheana féin, agus tá trí ghníomh cur chun feidhme agus dhá ghníomh tarmligthe á n-ullmhú lena nglacadh. Léirítear é seo a thuilleadh sa tábla thíos:

*Tábla1. Na gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe is gá — staid na himeartha amhail ó mhí na Samhna 2024*

| **Rialachán** | **An cineál gnímh** | **Glactha** | **Faoi ghlacadh foirmiúil** | **I gcoiste nó i ngrúpa** | **Níl sé tosaithe go fóill** |
|---|---|---|---|---|---|
| VIS | Tarmligthe | 1 | | 2 | |
| | Cur chun feidhme | 6 | | 3 | |

*Tábla 2 Na gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe is gá, de réir an ghnímh — staid na himeartha amhail ó mhí na Samhna 2024*

| | **Bunús dlí** | **An cineál gnímh** | **Stádas** |
|---|---|---|---|
| **1** | Airteagal 5a | Cur chun feidhme | Glactha |
| **2** | Airteagal 6(5) | Cur chun feidhme | Glactha |
| **3** | Airteagal 9 | Tarmligthe | Glactha |
| **4** | Airteagal 9h & Airteagal 22b | Tarmligthe | *Obair ar siúl faoi láthair* |

[9] COM(2023) 66 final.
[10] COM(2024) 13 final.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **5** | Airteagal 9j(2) | Tarmligthe | *Obair ar siúl faoi láthair* |
| **6** | Airteagal 9j(3) | Cur chun feidhme | *Obair ar siúl faoi láthair* |
| **7** | Airteagal 29 & Airteagal 29a | Cur chun feidhme | Glactha |
| **8** | Airteagal 45(1) | Cur chun feidhme | *Obair ar siúl faoi láthair* |
| **9** | Airteagal 45(2) | Cur chun feidhme | *Obair ar siúl faoi láthair* |
| **10** | Airteagal 45(3) | Cur chun feidhme | Glactha |
| **11** | Airteagal 45c & Airteagal 45d | Cur chun feidhme | Glactha |
| **12** | Airteagal 50(4) | Cur chun feidhme | Glactha |

## 3. Faireachán sna Ballstáit agus i ngníomhaireachtaí an Aontais maidir le cur chun feidhme

Aithnítear go maith ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát a thábhachtaí atá sé VIS athbhreithnithe a chur chun feidhme go tráthúil. Tá tuiscint mhaith ag na páirtithe leasmhara ar na hidirthuilleamaíochtaí idir VIS agus forbairt córas faisnéise AE eile agus forbairt na gcomhchodanna idir-inoibritheachta. Chun cur chun feidhme iomlán tráthúil a bhaint amach, tá faireachán á dhéanamh ag an gCoimisiún ar chur chun feidhme Rialachán VIS athbhreithnithe trí bhearta éagsúla, lena n-áirítear cruinnithe an Choiste, cruinnithe an Ghrúpa Saineolaithe agus cruinnithe an Ghrúpa Chomhairligh, chomh maith le cruinnithe rialta le gníomhaireachtaí an Aontais.

## 4. Costais agus rioscaí

*Costais do ghníomhaireachtaí an Aontais*

De réir na faisnéise a chuir siad ar fáil, thabhaigh gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais na costais seo a leanas a bhaineann le cur chun feidhme VIS athbhreithnithe idir mí na Samhna 2023 agus mí na Samhna 2024:

- Bhí costas iomlán cur chun feidhme EUR 12,7 milliún ag eu-LISA.
- B'ionann costais comhairleoireachta agus bogearraí Europol agus EUR 0,6 mhilliún.
- níor thabhaigh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta aon chostas.

*Costais bhreise eu-LISA*

Le linn chur chun feidhme VIS athbhreithnithe, sainaithníodh riachtanais nua de réir mar a rinneadh dul chun cinn ar an tionscadal, rud a chuir de cheangal ar eu-LISA athruithe a iarraidh ar a chonraitheoirí maidir le VIS athbhreithnithe. D'eascair costais gan choinne as sin. Ina theannta sin, áirítear i leagan amach conarthach reatha na Gníomhaireachta costais atá nasctha le rialachas tionscadail agus gníomhaíochtaí trasnaí atá comhréireach le fad an chonartha. Dá bhrí sin, trí shíneadh a chur leis an amlíne le haghaidh VIS athbhreithnithe, dá dtagraítear sa roinn 'amlíne le haghaidh VIS athbhreithnithe' den tuarascáil seo, gintear costais bhreise.

*Costais na mBallstát*

Is é EUR 103,4 milliún (ranníocaíocht ón Aontas[11]) an leithdháileadh táscach atá beartaithe i gcláir IBTV na mBallstát don tréimhse 2021-2027 chun VIS a bhunú, a oibriú agus a chothabháil, lena n-áirítear a idir-inoibritheacht le córais mhórscála TF eile.

De réir na sonraí ar chur chun feidhme an chláir arna seoladh ag údaráis na mBallstát, is é EUR 58,4 milliún ranníocaíocht an Aontais leis na hoibríochtaí roghnaithe (tionscadail, gníomhaíochtaí nó grúpa tionscadal faoi na cláir lena mbaineann)[12]. Léiríonn an méid sin an ranníocaíocht le gealltanais údaráis na mBallstát le haghaidh na n-oibríochtaí sin. Ní chomhfhreagraíonn sé do chaiteachas a tabhaíodh cheana féin.

*Amlíne le haghaidh VIS athbhreithnithe*

Is éard atá i gceist le cur chun feidhme VIS laistigh den chreat coiteann idir-inoibritheachta agus lena oiriúnú chun idirghníomhú leis na córais TF eile (maidir leis an gCóras Dul Isteach/Imeachta (EES), mar shampla) athruithe ar an gcóras a mbíonn leagan nua den chóras mar thoradh orthu gach uair. Ní mór na leaganacha éagsúla sin de VIS a chur i bhfeidhm in ord. D’fhéadfadh an idirthuilleamaíocht idir na córais faisnéise AE éagsúla difear a dhéanamh d’fhad ama codanna áirithe den tionscadal chun an ailtireacht nua um chórais faisnéise AE maidir le teorainneacha, imirce agus slándáil a chur chun feidhme.

Tháinig an Córas Faisnéise Schengen athnuaite i bhfeidhm i mí an Mhárta 2023. An 19-20 Deireadh Fómhair 2023, d’fhormhuinigh an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile amlíne athbhreithnithe maidir leis na córais atá fágtha. De réir an treochláir sin, bhí sé beartaithe go dtiocfadh EES i bhfeidhm i bhfómhar 2024, an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) in earrach 2025 agus VIS athbhreithnithe i bhfómhar 2026, mar aon leis an ailtireacht idir-inoibritheachta.

Mar sin féin, tar éis na tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo, rinneadh athbhreithniú ar an treochlár le haghaidh rolladh amach na hailtireachta idir-inoibritheachta toisc gur cuireadh siar teacht i bhfeidhm EES, rud a rinne difear don amlíne le haghaidh VIS athbhreithnithe. Go háirithe, d’fhormheas an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an treochlár athbhreithnithe an 5 Márta 2025, ar dá réir atá sé beartaithe tús a chur le hoibríochtaí EES ar bhealach forásach i mí Dheireadh Fómhair 2025, le hoibríochtaí ETIAS sa ráithe dheireanach de 2026 agus le hoibríochtaí VIS athbhreithnithe in 2027.

## 5. Conclúid

Tá gealltanas ginearálta ag na Ballstáit, ag tíortha comhlachaithe Schengen agus ag gníomhaireachtaí an Aontais cur chun feidhme iomlán VIS athbhreithnithe a áirithiú mar chuid de chreat idir-inoibritheachta níos leithne na gcóras faisnéise AE.

Leanann an Coimisiún de chomhordú agus de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpáirtithe uile lena mbaineann chun a áirithiú go mbeidh VIS athbhreithnithe ar fáil go tráthúil.

[11] Foinse: Cláir na mBallstát, caiteachas atá beartaithe faoi chuspóir sonrach 2, an Comhbheartas Víosaí, Cód Idirghabhála 006. Córas mórscála TF, an Córas Faisnéise Víosaí (VIS), Samhain 2024.

[12] Foinse: Sonraí arna seoladh ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2021/1060, an 30 Samhain 2024.